Formhór na tíre ina cíor thuathail ag tuilte agus drochaimsir

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na tuilte atá tar éis Iarthar na tíre a bhualadh.

Sula bhféachann tú ar an mír nuachta, pléigh na ceisteanna seo a leanas leis an duine in aice leat nó mar ghrúpa.

Cad is cúis le tuillte?
Céard atá ar eolas agat faoi na tuillte atá tar éis an tír a bhualadh?
Cé na Contaetha is measa dá bharr?

Ceist 2 Anois, sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus féach an féidir Gaeilge a chur ar na habairtí seo a leanas?

The South of the Country _____

Forecasted/Promised _____

Main Roads _____

Drivers _____

Bridge _____

Galway _____

Roscommon _____

Leitrim _____

Ceist 3 Anois féach ar an mír agus déan iarracht na bearnaí thíos a líonadh leis na focail i *gcló iodálach.*

Bhí mé thíos ag an_____ Dé Domhnaigh is_____ agus tá an t-uisce chomh hard ann nach bhfaca mé riamh é. Tá sé_____ , tá na tithe anois ar do chúl ansin agus cuid acu agus tá siad ag _____ troscán suas an staighre le _____mar tá an t-uisce ag teacht thart orainn agus níl a fhios agam céard atá ag dul ag tarlú ar chor ar bith. Tá sé go _____.

(*ardú, dáiríre, gcuan, dona, Dé Luain, faitíos)*

Ceist 4 Anois féach ar an mír arís agus déan iarracht na ceisteanna seo faoin mír a fhreagairt.

1. Cén suim airgid a gheall an Taoiseach chun cabhrú le daoine atá buailte go dona leis na tuilte?
2. Moltar do thiománaithe i nGaillimh, Ros Comáin agus cén contae eile gan dul ar na bóithre más féidir?
3. Cén dá chontae atá i mbaol anocht, dar le hÚdaráis áitiúla sa Mheán Iarthair?
4. Cé mhéad bóthar atá dúnta de bharr na dtuilte?
5. Cén rud atá dúnta agus atá ag cur turas tríocha míle ar dhaoine atá ó dheas de?
6. Cé mhéad teaghlach atá curtha as a gcuid tithe ag na tuilte go dtí seo i nGaillimh?

Ceist 5 "***Is*** *é inniu an séú lá*"

Baintear úsáid as an gcopail san abairt thuas. Anois déan iarracht na habairtí seo a leanas a aistriú ag baint úsáid as an gcopail.

1. He is a doctor.
2. It is a great pity.
3. She is a student now.
4. We are teachers.
5. Is he an actor?
6. My father is a dentist.
7. My mother is a lovely woman.
8. They are footballers.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa.

An bhfuil do cheantar i mbaol?
An bhfuil an Rialtas ag tabhairt dóthain airgid, meas tú?
Anois, bain úsáid as an téarmaíocht atá foghlamtha agat agus déan cur síos ar an nuacht i d'fhocail féin.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

The South of the Country	deisceart na tíre
Forecasted/Promised	geallta
Main Roads	príomhbhóithre
Drivers	tiománaithe
Bridge	droichead
Galway	Gaillimh
Roscommon	Ros Comáin
Letrim	Liatroim

Ceist 3 Bhí mé thíos ag an **gcuan** Dé Domhnaigh is **Dé Luain** agus tá an t-uisce chomh hard ann nach bhfaca mé riamh é. Tá sé **dáiríre**, tá na tithe anois ar do chúl ansin agus cuid acu agus tá siad ag **ardú** troscán suas an staighre le **faitíos** mar tá an t-uisce ag teacht thart orainn agus níl a fhios agam céard atá ag dul ag tarlú ar chor ar bith. Tá sé go **dona**
.

Ceist 4

1. Deich Milliún Euro
2. Contae Liatroma
3. Luimneach agus Contae an Chláir
4. Tá seasca cúig bóthar dúnta de bharr na dtuilte.
5 Tá droichead dúnta.
6 Tá os cionn dhá chéad teaghlach curtha as a gcuid tithe ag na tuilte go dtí seo i nGaillimh.

Ceist 5

1. Is dochtúir é.
2. Is mór an trua é.
3. Is mac léinn í anois.
4. Is múinteoirí muid/sinn.
5. An aisteoir é?
6. Is fiaclóir é m'athair.
7. Is bean álainn í mo mháthair.
8. Is peileadóirí iad / Is peileadóirí ata iontu.

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Bail ó Dhia Oraibh.
D'fhógair an Taoiseach Brian Cowen sa Dáil go gcuirfear deich milliún euro ar fáil le teacht[1] i gcabhair ar dhaoine atá buailte ag tuilte le seachtain anuas. Tá ceantair[2] san iarthar, i lár tíre agus i ndeisceart na tíre fós i gcruachás tráthnóna agus tuilleadh drochaimsire geallta anocht. Tá na céadta bóthar dúnta agus tá sé molta do thiománaithe i gContaetha na Gaillimhe, i Ros Comáin agus i gContae Liatroma gan dhul chun bóthair mura bhfuil géarghá leis. Tá fógra eisithe ag Údaráis áitiúla sa Mheán- Iarthair[3] go bhfuil baol láidir tuilte ann arís anocht i Luimneach agus i gContae an Chláir. Tá an chéad tuairisc anocht ag Máire Treasa Ní Cheallaigh.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Is é[4] inniu an séú lá ag tuilte i gContae na Gaillimhe agus tá siad ag scaipeadh ó dheas. Tá na príomhbhóithre uile[5] isteach is amach as an gContae tachta ag uisce. I measc an seasca cúig bóthar atá dúnta, tá an droichead i bPort Omna, an príomhbhóthar ó Ghaillimh go dtí an taobh thoir theas den tír.

Mícheál Ryan-Port Omna
Táim ag obair anseo mar rúnaí ar an ngalfchúrsa[6] agus más féidir súil a chaitheamh taobh thiar díot tá tuilte[7] anseo agus ní raibh siad ann riamh. Tá uisce ar bheagnach gach uile[8] pholl agus bíonn an-bhród orainn anseo go mbímid tirim i gcónaí.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
De[9] bharr go bhfuil an droichead taobh thiar dúinn anseo dúnta, tá ar dhaoine[10] ar an taobh ó dheas den droichead taisteal chomh fada le Beannchar i gContae Uíbh Fhailí agus teacht[11] timpeall le dul chomh fada le Port Omna. Seo turas ata os cionn tríocha míle ar fhad agus tógann sé os cionn uair an chloig.

Pádraig Conneely
Bhí mé thíos ag an gcuan Dé Domhnaigh is Dé Luain agus tá an t-uisce chomh hard ann nach bhfaca mé riamh é. Tá sé dáiríre, tá na tithe anois ar do chúl ansin agus cuid acu agus tá siad ag ardú troscán suas an staighre le faitíos mar tá an t-uisce ag teacht thart orainn agus níl a fhios agam céard atá ag dul ag tarlú ar chor ar bith. Tá sé go dona.

---

[1] Le theacht deirtear
[2] ceantracha a deirtear
[3] Fágtar séimhiú ar lár
[4] Sé a deirtear
[5] uilig a deirtear
[6] Fágtar an t-urú ar lár
[7] Floodanna a deirtear!
[8] Chuile atá i gceist ní thuilleadh
[9] Go bharr a deirtear sa chanúint
[10] Fágtar an séimhiú ar lár
[11] Theacht a deirtear

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Go dtí seo tá os cionn dhá chéad teaghlach i nGaillimh curtha amach as a gcuid tithe ag tuilte agus tá na mílte acra talún báite. Ní chuideoidh an aimsir atá geallta leis an drochbhail atá fágtha ag tuilte ar go leor den tír. Tá aimsir stoirmiúil ghaofar geallta chomh maith le múrtha[12] troma báistí go háirithe ar an taobh thiar den tír.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4, i gContae na Gaillimhe.

[12] Múrannaí a deirtear